2024/2709

17.10.2024

CINNEADH (AE) 2024/2709 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Deireadh Fómhair 2024

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, ina leagtar amach nósanna imeachta slándála maidir le satailítí Galileo a lainseáil ó chríoch na Stát Aontaithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De dhroim dhá lainseáil Soyuz ó Ionad Spáis na Guáine a bheith curtha ar ceal i mí Aibreáin agus i mí Mheán Fómhair 2022, agus an moill a fógraíodh maidir le Ariane-6, ní mór don Aontas teacht ar roghanna malartacha chun tús a chur arís go práinneach le lainseálacha shatailítí Galileo. Tá sé sin ríthábhachtach chun oibriú cuí chóras Galileo a áirithiú, ar cuid de Chlár Spáis an Aontais é arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(2) Tá comhar seanbhunaithe ag an Aontas leis na Stáit Aontaithe maidir le loingseoireacht satailíte. Tháinig an Comhaontú maidir le córais loingseoireachta satailíte Galileo agus GPS agus a bhfeidhmchláir ghaolmhara a chur chun cinn, a sholáthar agus a úsáid idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, den pháirt eile ([3]), i bhfeidhm an 12 Nollaig 2011.

(3) An 23 Samhain 2023, d'údaraigh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe lena leagfar síos na nósanna imeachta slándála maidir le satailítí Galileo a lainseáil ó chríoch na Stát Aontaithe ('an Comhaontú').

(4) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/1213 ón gComhairle ([4]), síníodh an Comhaontú thar ceann an Aontais an 25 Márta 2024 faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(5) Beidh feidhm ag an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le slándáil faisnéise rúnaicmithe ([5]) maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chuirfear ar fáil do na Stáit Aontaithe.

(6) Is é Ardrúnaí na Comhairle taiscí an Chomhaontaithe seo.

(7) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, ina leagtar amach nósanna imeachta slándála maidir le satailítí Galileo a lainseáil ó chríoch na Stát Aontaithe (an 'Comhaontú') ([6]) a fhormheas thar ceann an Aontais.

([1]) Toiliú ón 19 Meán Fómhair 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).
([3]) IO L 348, 31.12.2011, lch. 3.
([4]) Cinneadh ón gComhairle (AE) 2024/1213 an 19 Márta 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, ina leagtar amach nósanna imeachta slándála maidir le satailítí Galileo a lainseáil ó chríoch na Stát Aontaithe (IO L, 2024/1213, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1213/oj).
([5]) IO L 115, 3.5.2007, lch. 30.
([6]) Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2024/1214, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1214/oj.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 12(1) den Chomhaontú ([7]).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 10 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

PINTÉR S.

([7]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.